Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023
(OR. en)

9111/23

LIMITE

TELECOM 133
COMPET 417
MI 381
CODEC 806

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0046(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6845/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An tAcht um Bonneagar Gigighiotáin)<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An tAcht um Bonneagar Gigighiotáin)[1] an 23 Feabhra 2023.

2. Foilsíodh an togra mar eilimint de na tionscnaimh nascachta ón gCoimisiún, in éineacht leis an dréachtmholadh um Ghigighiotáin lena dtugtar treoir do na húdaráis rialála náisiúnta maidir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar ghníomhaithe sa mhargadh a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu agus maidir leis an gcomhairliúchán taiscéalaíoch a seoladh maidir le todhchaí na hearnála cumarsáide leictreonaí agus a bhonneagair.

[1] 6845/23.

3. Is é príomhchuspóir an togra, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, na costais arda gan ghá a bhaineann le himscaradh an bhonneagair cumarsáide leictreonaí a laghdú, arb iad na nósanna imeachta um cheadanna a dheonú is cúis go páirteach leo sula ndéanfar na líonraí a imscaradh nó a uasghrádú. Tá na nósanna imeachta sin fós casta, uaireanta fada agus éagsúil ar fud na mBallstát. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin dlús a chur le himscaradh na líonraí, deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a chur ar fáil do na gníomhaithe eacnamaíocha uile lena mbaineann agus foráil a dhéanamh do phróisis phleanála agus imscartha níos éifeachtúla d'oibreoirí líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí. Tugtar aghaidh sa togra freisin ar bhonneagar fisiceach laistigh den fhoirgneamh a imscaradh agus rochtain air. Meastar go n-éascófar leis an togra feidhmeanna trasteorann a bhfuil líonra fíor-ardacmhainneachta uile-láithreach ag teastáil ina leith agus go mbeidh páirtithe leasmhara, oibreoirí cumarsáide leictreonaí, monaróirí trealaimh nó cuideachtaí innealtóireachta sibhialta in ann barainneachtaí scála níos fearr a bhaint amach.

4. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) mar an coiste atá freagrach as caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an nGníomh um Bonneagar Gigighiotáin. Is é an Feisire Alin Mituta (Renew, RO) an rapóirtéir. Tá sainordú Pharlaimint na hEorpa beartaithe do Ráithe 4 2023.

5. Iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ar Choiste Eorpach na Réigiún araon a dtuairimí maidir leis an togra a thabhairt.

## II. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE

6. Sa Chomhairle, tugadh treoir don Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: Meitheal TELECOM) scrúdú a dhéanamh ar an togra. Thosaigh Meitheal TELECOM ag plé an togra an 7 Márta 2023. Maidir leis na seacht gcruinniú ina dhiaidh sin a tionóladh go dtí an 2 Bealtaine 2023, mar aon leis an gcur i láthair mion a rinne an Coimisiún ar an measúnú tionchair a ghabhann leis seo agus ar na hairteagail agus na haithrisí, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí go luath maidir le forálacha an togra.

7. Maidir le staid na himeartha faoi láthair, d'iarr Uachtaránacht na Sualainne ar na Ballstáit a mbarúlacha mionsonraithe maidir leis an togra a chur ar fáil.



PUBLIC

8. Tríd is tríd, is díol sásaimh do na Ballstáit an togra agus na haidhmeanna maidir le líonraí fíor-ardacmhainneachta a imscaradh agus costais a laghdú chomh maith le próisis níos comhchuibhithe agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh na Treorach maidir le Costas Leathanbhanda a Laghdú atá ann faoi láthair. Léiríodh sa phlé mion a rinneadh go dtí seo go bhfuil roinnt réimsí ann ar gá don Uachtaránacht aird ar leith a thabhairt orthu agus togra comhréitigh á ullmhú aici do na toscaireachtaí. Is iad seo a leanas, go háirithe, na réimsí sin:

<u>(a) Formheas 'intuigthe'</u>

Tá rialacha mionsonraithe sa togra maidir leis an nós imeachta chun ceadanna agus cearta slí a dheonú. Foráiltear leis go measfar gur deonaíodh an cead i gcás moill gan údar ar an nós imeachta um cheadanna a dheonú thar ceann údarás inniúil a chailleann an sprioc-am atá leagtha síos.

Tá sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhféadfadh an córas formheasa 'intuigthe' sin ar cheadanna a bheith ag teacht trasna ar na socruithe bunreachtúla maidir le huathriail agus raon feidhme chumhachtaí a n-údarás áitiúil agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé cearta úinéireachta tríú daoine a shárú freisin. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit scrúdú breise a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na forála sin lena reachtaíocht náisiúnta. I bhfianaise chineál dlíthiúil íogair an fhormheasa 'intuigthe', d'fhéadfadh sé gur ghá na sainmhínithe gaolmhara a fhorbairt sa togra freisin.

<u>(b) Oibreacha ar bhonneagar criticiúil a nochtadh</u>

Leis an togra, ceanglaítear ar oibreoirí líonraí faisnéis a chur ar fáil maidir le hoibreacha sibhialta atá beartaithe ar a mbonneagar fisiceach. Mar sin féin, sainaithneoidh na Ballstáit, bunaithe ar chúiseanna comhréireacha a bhfuil údar cuí leo, na hoibreacha sibhialta a bhainfeadh le bonneagar criticiúil náisiúnta nó le slándáil náisiúnta, agus ar an gcaoi sin tabharfaidh siad údar don chúis nach bhfuil na hoibreacha sibhialta sin faoi réir na hoibleagáide sin. Foráiltear leis an togra go bhfoilseofar an fhaisnéis sin trí phointe faisnéise aonair agus go dtabharfar fógra don Choimisiún fúithi.

PUBLIC

Staonfadh roinnt Ballstát ó na hoibreacha ar bhonneagar criticiúil náisiúnta nó ó shuiteálacha an bhonneagair sin a chur ar fáil nó ó fhógra a thabhairt don Choimisiún ina leith sin. Ina theannta sin, tá oibleagáidí ar na Ballstáit agus ar oibreoirí bonneagair chriticiúil faoin Treoir maidir le hAthléimneacht Saoráidí Criticiúla[2], dá bhrí sin, is gá an t-idirghníomhú idir forálacha GIA agus CER a scrúdú a thuilleadh.

PUBLIC

(c) Foirm dhlíthiúil an togra

Le foirm dhlíthiúil an togra, tá deireadh curtha le foirm threorach na Treorach maidir le Costas Leathanbhanda a Laghdú a dtagann sí ina hionad, i bhfabhar an rialacháin atá infheidhme go díreach agus é d'aidhm aici comhchuibhiú a mhéadú. Measann an Coimisiún go bhfuil an éifeacht dhíreach ríthábhachtach ó thaobh caibidlíochtaí tráchtála de, ó thaobh rioscaí infheistíochta a laghdú de, agus ó thaobh intuarthacht a mhéadú de, do ghníomhaithe sa mhargadh, agus moilleanna neamhriachtanacha ar imscaradh líonraí á seachaint.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leis an bhfoirm dhlíthiúil athraithe i dtíortha a bhfuil córas cónaidhme acu, mar a bhféadfadh na forálacha dlíthiúla éagsúla ata gaolmhar le hábhar an togra a bheith éagsúil ó réigiún go réigiún. Leis an infheidhmeacht dhíreach freisin tá an cheist an féidir dóthain solúbthachta a áirithiú do na Ballstáit ar mian leo dul thar na ceanglais sa togra seo, i gcás inar gá, nó a cheadú d'imthosca náisiúnta ar leith a chur san áireamh.

(d) Treoracha agus cumhachtaí cur chun feidhme

Foráiltear leis an togra go bhféadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint i ndáil le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le comhordú oibreacha sibhialta agus maidir le rochtain ar bhonneagar fisiceach atá ann cheana agus ar bhonneagar laistigh d'fhoirgneamh araon. Sainordaítear leis, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, go sonróidh an Coimisiún na catagóirí imscarthaí a dhíolmhófar ó nósanna imeachta um cheadanna a dheonú sna Ballstáit.

[2] Treoir (AE) 2022/2557, an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil

Ní aontaíonn roinnt Ballstát leis an ngá atá le treoir a fháil ón gCoimisiún maidir leis na saincheisteanna sin, nó, measann siad go bhféadfadh treoir ó BEREC, mar mhalairt air sin, a bheith níos úsáidí. Ní mór tuilleadh plé a dhéanamh freisin ar chumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiúin chun díolúintí ó nósanna imeachta um cheadanna a dheonú sna Ballstáit a shainiú.

PUBLIC

(e) Pointí faisnéise aonair

Ós rud é go bhfuil réitigh atá ag feidhmiú cheana féin ag roinnt de na Ballstáit maidir le pointí faisnéise ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, tá soiléiriú breise de dhíth orthu maidir le gnéithe ar nós cé na comhpháirteanna den nós imeachta um cheadanna a dheonú ar cheart do phointe faisnéise aonair déileáil leo, cad iad na módúlachtaí maidir le rochtain ar líne agus cé leis na sonraí a chuirtear ar fáil trí phointe faisnéise aonair i bhformáid leictreonach, cad iad na costais agus an t-amchlár is gá chun go mbunóidh agus go n-oibreoidh na Ballstáit na pointí faisnéise sin.

(f) Neodracht theicneolaíoch

Ceanglaítear leis na forálacha maidir le bonneagar fisiceach laistigh d'fhoirgnimh go ndéanfaí sreangú snáithín a shuiteáil, gan cáblaí comhaiseach a chur san áireamh. B'fhearr le roinnt Ballstát iad a chur san áireamh freisin, agus tagairtí eisiacha do cháblaí snáithín a sheachaint sa téacs, trí úsáid a bhaint as téarmaí agus ceanglais atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de mar shampla cáilíocht nó luas. Leis an gcur chuige neodrach freisin sheachnófaí an scéim deimhniúcháin agus an lipéad a d'eascródh as a ainmniú mar 'snáithín-ullamh' freisin.

9. Tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na Sualainne leanúint de bheith ag obair ar an togra seo le linn a téarma agus ullmhóidh sí a haistriú réidh d'uachtaránacht inteachta na Spáinne.

## III. CONCLÚID

Iarrtar ar COREPER an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bheidh aici an 2 Meitheamh 2023.